Tuilte san Astráil

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thuilte móra san Astráil. Cén Ghaeilge atá ar na focail thíos, a bhí le cloisteáil sa mhír?

- northeast
- venomous snakes
- crocodiles
- dam
- deluge
- heatwave
- submerged
- experience
- shelters
- warning



Ceist 2 Anois, féach ar an mír den chéad uair agus breac síos an oiread eolais agus is féidir leat faoina bhfuil inti. Féach ar na ceisteanna seo chun cuidiú leat:

Cá háit?
Cad a rinne na húdaráis? Cén fáth?
Cén cineál aimsire a bhí ann?
Cad faoin damáiste a rinneadh?
Cén fáth ar luadh ainmhithe sa mhír?
Cén aimsir atá tuartha?

Ceist 3 Cúrsaí Canúna

1. Cén chanúint atá ag Ailbhe Ó Monacháin?
2. Cén leaganacha a bhí aige ar na samplaí seo den tuiseal tabharthach – *leis an mbrú, ag an bpobal, ar an mbealach*?
3. Scríobh amach na leaganacha caighdeánacha de na focail seo, a bhí ag Ailbhe Ó Monacháin – *ceantracha, scoltacha, bídh*.

Ceist 4 '…nathair…'

Féach an iontráil ó www.tearma.ie:

nathair *bain5*
gu: nathrach, *iol:* nathracha
snake *s*

Leanann na hainmfhocail ***litir***, ***cathair***, ***treoir*** agus ***uimhir*** an patrún céanna leis an ainmfhocal ***nathair***. Aistrigh na habairtí thíos go Gaeilge anois.

1. The envelope is too small for the letter.
2. Irish cities are becoming more polluted every day.

3. The amount of instructions would confuse anyone.
4. That number is not correct.

Ceist 5 ‘…in oirthuaisceart na hAstráile…’

Lean an patrún thuas. Cá bhfuil na háiteanna seo?



Ceist 6 Tá líon na dtubaistí nádúrtha ag méadú ar fud an domhain. Pléigh an damáiste a dhéanann na tubaistí nádúrtha seo:

Hairicín
Triomach
Tuilte
Tonn teasa

Treoracha agus Freagra

Ceist 1

northeast – *oirthuaisceart*
venomous snakes – *nathracha nimhe*
crocodiles – *crogaill*
dam – *damba*
deluge – *díle*
heatwave – *tonn teasa*
submerged – *báite*
experience – *taithí*
shelters – *ionaid dídine*
warning – *rabhadh*

Ceist 2

Cleachtadh scríofa atá i gceist anseo. Iarr ar gach beirt an t-eolas a bhreac siad síos a phlé le chéile.

Ceist 3

1. Canúint Uladh.
2. 'leis an bhrú', 'ag an phobal', 'ar an bhealach'.
3. Ceantair, scoileanna, bia.

Ceist 4

1. Tá an clúdach litreach róbheag don litir.
2. Tá cathracha na hÉireann ag éirí níos truaillithe lá i ndiaidh lae.
3. Chuirfeadh líon na dtreoracha mearbhall ar aon duine.
4. Níl an uimhir sin ceart.

Ceist 5

- deisceart na Stát Aontaithe
- oirthuaisceart na Spáinne
- iarthar na Síne
- tuaisceart na hIodáile
- oirdheisceart na hÉireann
- iardheisceart na Fraince
- oirthear na Seapáine
- iarthuaisceart na Gearmáine

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na tuairimí a bhí ag an rang iomlán a phlé le chéile.

Siún Nic Gearailt
Fáilte romhaibh thar n-ais. In oirthuaisceart na hAstráile, tá nathracha nimhe agus crogaill ar snámh sna sráideanna i gcathair Townsville in Queensland, atá buailte ag tuilte a leithéid nach bhfacthas le céad bliain. Bhí an bháisteach chomh trom sin inné go raibh ar na húdaráis damba a oscailt ar Abhainn Ross.

Ailbhe Ó Monacháin
Seo an radharc ar chathair Townsville i réigiún Queensland san Astráil. Ní raibh rogha ar bith eile ag na húdaráis leis an bhrú a laghdú ar dhamba ar Abhainn Ross, ach an t-uisce ba chúis leis an tuile seo a ligean le sruth.

Thit an díle mhonsúin seo i ndiaidh na toinne teasa ba mheasa riamh in ocht stát san Astráil. I ndiaidh ocht lá de dhíle fearthainne, 1.5 méadar fearthainne in áiteanna, ó bhí an Satharn ann, tá suas le dhá mhíle teach báite anois.

Mar thoradh air seo, i measc na n-ainmnithe fiáine atá ligthe le sruth san uisce tá crogaill mhóra agus nathracha nimhe atá anois ag snámh thart i gceantracha[1] uirbeacha, nach bhfuil taithí ag an phobal orthu.

Deirtear gur thit ocht n-oiread d'fhearthainn bliana sa cheantar le níos mó ná seachtain. Agus, ar mhaithe le tubaiste ar scála níos mó a sheachaint, bhí ar na húdaráis an damba a oscailt.

Tá an oíche caite in ionaid speisialta dídine ag míle duine. Tá scoltacha[2] agus ionaid ghnó agus oibre druidte agus tá imní anois faoi ghanntanas bídh[3]. Tá rabhadh tugtha don phobal go bhfuil tuilleadh fearthainne ar an bhealach le gaoth láidir.

Ailbhe Ó Monachain, Nuacht TG4.

[1] *ceantair* an leagan caighdeánach
[2] *scoileanna* an leagan caighdeánach
[3] *bia* an leagan caighdeánach